

Seál agus Cúil:

Brian Ó Baoill

Léardúil:

Tomás O'Toole

An Bealach Rúnda



R
11.



EARRÁIDÍ

Ba chóir an *Tonle Solfá* a cheartú mar a leanas:

- Mac Uí Ghogai:** barra 7:
(lch 1) | r . d : t . r |
barraí 9 agus 10:
{ l d' : — | s : — . s |
- An Trá:** barraí 1 agus 2:
(lch 4) { l d . d : d . r | . m : d |
- An Bosca Bruscair:** barra 7:
(lch 12) | m :- : d | m :- : d }
- Nóiníní Bána:** barra 7:
(lch 17) | d' : s : s . s | m : r : m |
- Oíche Mhath:** barra 5:
(lch 40) | m :- : m | r :- : m |
barraí 11 agus 12:
{ | s :- : i m :- : | m :- : i r :- : |

An
Bealach
Rúnda

Brian Ó Baoill

Ceol arna chur
in eagar
ag
Proinsias Ó Ceallaigh,
B.Mus., L.R.A.M.

An Chéad Chló © Rialtas na hÉireann 1969

An Bealach Rúnda

Scéal do Leanaí/Amhráin ghníomhaíochta

Léaráidí agus Leagan Amach:
Tomás O'Toole

Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Tá ceirín fadseinnteach de na hambráin
atá sa leabhar seo
tugtha amach
#H
Gaeilium
54, Sr. Grafton, B.A.C.2
faoin teideal *Trup Trup a Chapaillín*

Mac Uí Ghogáí




Bhí Daid sa bhaile agus bhí Mam sa bhaile. Bhí Daid agus Mam agus Colm agus Clíona ag ithe a mbricfeasta. Bhí ubh ag Colm. “Seo é Mac Uí Ghogáí,” arsa Daid.

Seo é Mac Uí Ghogáí Íosfaidh sé an t-iomlán
An-sásta ina shuí, Idir bhuí agus bhán;
Cuirfidh Colm láidir Beidh Mac Uí Ghogáí folamh,
Mac Uí Ghogáí ina luí. Ach, beidh Colm láidir lán.


Céad Slán le Mac Uí Ghogáí!

Gléas E^b (no F)


Go measartha mear



(1) Seo é Mac Uí Gho-gaí An-sás-ta in-a shuí, Beidh
(2) los-faidh sé an t-iom-lán i-dir bhuí a-gus bhán;



Cuir-fidh Col-m lái-dir Mac Uí Gho-gaí in-a luí,
Mac Uí Gho-gaí fol-amh, Ach, beidh Col-m lái-dir lán.



(Coda)
(Uair dheiridh)

Céad Slán le Mac Uí Gho-gaí!





Rinne Colm gáire.
“Tá an lá go hálainn,” arsa Mam.
“Tá,” arsa Daid.
“Níl sé ag cur báistí,” arsa Colm.
“Níl.” Bhí scamaill ar an spéir ach
scamaill dheasa bhána a bhí iontu.

“Ba chóir dúinn dul amach cois trá,”
arsa Daid.
“Ba mhaith liom sin,” arsa Colm.
“Cén bealach?” arsa Daid.
“An Bealach Rúnda!” arsa Mam.
“Cuir ort do bhróga,” arsa Daid.
“Cuir ort do chóta,” arsa Mam.
Agus chan siad le chéile:



An Trá

Bróga ar mo chosa,
Cóta ar mo dhrom,
Lámhainní ar mo lámha,
Hata ar mo cheann.

Feicim ar an mbealach
Bláthanna ag fás,
Eitleáin ar eitilt,
Báidíní ar snámh.

Dúnann Daid an doras,
Aoibhinn liom an lá,
Triúr againn le chéile,
Síos go dtí an trá.

Tógaim liom mo liathróid,
Buicéad agus spáid,
Déanaim caisleán láidir
Thíos ag bun na trá.

Gléas G (nó A)
Go measartha mear

Bró-ga ar mo cho-sa, Cóta ar mo dhrom,
Lámh-ain-ní ar mo lá-mha, Ha-ta ar mo cheann,
Dún-ann Daid an do-ras, Aoibhinn liom an lá,
Triúr a-gainn le chéi-le, Síos go dtí an trá. (faoi dhó)



An Bóthar Mór

Tháinig siad go dtí an bóthar mór. Bhí bláthanna buí ag fás ar thaobh amháin. Bhí balla ard liath ar an taobh eile.

“Seo é an bóthar mór,” arsa Daid. “Tá sé baolach.”

“Tá,” arsa Colm. “Tá bus mór ann agus tá leoraí dearg ann. Tá siad ag teacht agus ag imeacht go gasta.”

Sheas siad le chéile ar thaobh an bhóthair.

“Éist,” arsa Mam, agus dúirt sí:

Léim Daid thar an mballa agus chuaigh sé féin agus Colm síos go dtí an fharraige. Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir. "Tá sé go hiontach, a Dhaid!" arsa Colm. Bhí na tonnta beaga ag briseadh ar an trá.



Bhí bád dearg ann agus bád gorm. Bhí bád buí ann agus bád donn. Bhí bád bán ann agus bád dubh. Bhí seolta daite na mbád ag bualadh sa ghaoth. "Cosúil le féileacáin, a Dhaid," arsa Colm.

Féileacán,	Féileacán,
Féileacán	Féileacán
Ar eitilt éadrom ard,	Donn is buí is bán.

Gléas G (nó A)

Ag luascadh go séimh

Musical notation for the song. The first line of music is in G major, 2/4 time, and includes the lyrics: Féi-lea-cán, féi-lea-cán ar eit-ilt éad-rom ard. The second line of music includes the lyrics: Féi-lea-cán, féi-lea-cán donn is buí is bán. (Fine)



D'fhág siad na báid agus chuaigh siad go dtí áit chiúin ar an trá.

"Déanfaimid bád," arsa Daid.

Fuair Colm píosa adhmaid agus fuair Daid cleití.

Chuir Daid na cleití ina seasamh ar an bpíosa adhmaid.

"Sin í *An Ros Choilm*," ar sé.

"Cuirfidh mise ar an uisce í, a Dhaid," arsa Colm.

Agus chuir.

Agus d'imigh an bád beag amach ar an bhfarraige mhór.

"Slán leat, a bháidín," arsa Colm.



Bhí Mam agus Cliona ag fanacht ar thaobh an bhóthair
thuas. “Brostaigh,” arsa Mam.
Rith Colm aníos ón bhfarraige go dtí an bóthar.
Tháinig Daid ina dhiaidh.
Chuaigh siad go léir trasna an bhóthair mhóir—slán
ar dheis, slán ar chlé. Chas siad ar chlé.
Shiúil siad suas bóthar caol. Bhí siopa beag ann.
Chuaigh Mam agus Colm isteach.
“Ba mhaith liom uachtar reoite, le do thoil,” arsa Colm.
Agus thug sé réal don siopadóir.


Bhí páipéar daite ar an uachtar reoite.
Bhain Colm de é.
“Cá bhfuil an bosca bruscair,” ar sé.
D’fhéach sé timpeall.
Chonaic sé ceathrar fear ag teacht anuas
an bóthar. Bhí siad ag canadh go meidhreach.
Bhí scuab ag duine amháin.
Bhí sluasaid ag duine eile.
Bhí duine eile ag tiomáint leoraí.
Ní raibh dada ag an gceathrú duine ach
bhí sé ag gáirí agus ag canadh leo.
Agus seo é an t-amhrán a chan siad:





An Bosca Bruscair

Cá bhfuil an bosca bruscair?
Seo é an bosca bruscair.
B'fhearr go mór linne
Cathair ghlan,
Cathair shlán
Ná Bruscar!
Bruscar!
Deireadh go deo
le Bruscar!



Seo iad fir a ghlanta
Ag obair go meidhreach canta,
Seolann siad an
Bosca mór
Ard go leor
Is Bum! Bum!
Bum! Bum!
Cuirimis uainn
an Bruscar!

Gléas G (nó A⁴)
Go measartha mear

Cá bhfuil an bos- ca brus- cair? Seo é an bos- ca

brus- cair. B'fhearr go mór lín- ne ca- thair ghlan, ca - thair shlán ná

Brus- car! Brus- car! Deir-eadh go deo le Brus- car!

(faoi dhó)



Chonaic Colm bláthanna beaga gorma. Bhí siad ag fás ar thaobh an chosáin. Bhain sé iad agus thug sé do Mham iad. Bhí páirc ar thaobh an chosáin. Bhí capaillín deas donn ann agus d'imigh sé leis cosa in airde, eireaball in airde, srón in airde i dtreo Bhinn Éadair. "Nach deas é," arsa Mam. "Éist le trup trup na gcós ar an talamh." D'éist Colm agus chuala sé:



Trup Trup a Chapaillín

Trup, trup, a chapaillín,
Ar an mbóthar,
Siúil go mall agus sodar go réidh,
As go brách go barr Bhinn Éadair,
Tiocfaimid abhaile in am don tae.

Trup, trup; trup, trup; trup, trup; trup.

Stop! Stop! a chapaillín,
Seo é Binn Éadair,
Áit a mbíodh na filí fadó,
Áit a mbíodh Fionn is Fianna,
Diarmaid agus Gráinne óg.

Trup, trup; trup, trup; trup, trup; trup.

Trup, trup, a chapaillín,
Síos le fána,
Cosa in airde i ndeireadh an lae.
Oíche mhaith, a néalta bána,
Fillfimid abhaile in am don tae.

Trup, trup; trup, trup; trup, trup; trup.

Cantar an píosa seo a leanas ag deireadh gach véarsa (coda)

(Stacc) Trup, trup, trup, trup, trup, trup, trup, trup. (3 Véarsa)



Trup, trup, trup. . . trup!
Bhí na bláthanna
ag luascadh ina dhiaidh.

Gléas E^b (nó F)
Le sodar-rithim

Trup, trup, a cha-pai-lín, ar an mbó-thar, Siúil go
mall ag-us so-dar go réidh, As go brách go
barr Bhinn Éa-dair, Tioc-fai-mid a— bhai-le in am don tae.
Diar-maid a-gus Gráin-ne óg.

Imeall na hAbhann

“Féach!” arsa Colm. “Tá nóiníní bána ann.” “Cá bhfuil siad?” arsa Mam. “Ansin,” arsa Colm. “Thíos ansin ar imeall na habhann.” “Ar mhaith leat nóinín bán, a Chliona?” arsa Mam. Ní dúirt Cliona rud ar bith, ach shín sí a lámh amach— “Féach!” arsa Mam, “tá cailín beag thíos ansin agus tá sí ag casadh amhráin.” Chuala siad an cailín:



Nóiníní Bána

Nóiníní bána ar imeall na habhann,
Rachaidh mé síos agus piocfaidh mé ceann,
Ceann beag do Mháire is ceann beag dom féin,
Ceann beag do mo chairde ar oileán i gcéin.


Déanfaidh mé slabhra deas bán agus órga,
Déanta as nóiníní bána go leor,
Beidh sé go hálainn anuas ar mo cheann,
Mise i mo Bhanríon ar imeall na habhann.

Gléas E^b (nó F)

Ag luascadh go réidh



Nói-ní-ní bá-na ar ím-eall na habhann, Rach-aidh mé síos a- gus pioc-faidh mé ceann,



Ceann beag do Mháir-e is ceann beag dom féin, Ceann beag do mo chair-de ar oí-leán i gcéin.
(faoi dhó)

Agus rinne sí slabhra nóiníní agus chuir sí anuas ar a ceann é. “Déanfaidh mise slabhra freisin,” arsa Colm.



An Traein

Tháinig siad go dtí an stáisiún. Bhí leoraí mór dearg ann. D'fhéach siad tríd an ngeata agus chonaic siad traein ag teacht isteach. Bhí an Tiománaí ag an tosach. Bhí sé ag tiomáint. Bhí an Garda ar cúl. Bhí brat glas aige agus feadóg bheag.

Bhí daoine móra agus buachaillí agus cailíní sna cóistí. Bhí siad ag breathnú amach trí na fuinneoga, nó ag léamh leabhar, nó ag súgradh. Bhí gluaisteán beag gorm ag buachaill amháin. Chonaic Colm é tríd an bhfuinneog.

Tháinig an Garda amach. Chroith sé a bhrat san aer agus shéid sé a fheadóg. Thosaigh an traein arís.

Amhrán na Traenach

Ag tosú go mall,	Anois ag dul
Go ciúin is go réidh,	Go gasta beo—
Ar aghaidh de réir a chéile;	Ag léimneach ar na línte,
Ag bailiú nirt,	Síos le fána—
Ag bailiú luais,	Suas an cnoc—
Níos mó de réir a chéile.	Is mór an spraoi é cinnte.

Gléas B^b (nó C)
Luas meánach





Bhí an cosán caol anois. Bhí na ballaí ard. Bhí féar fada ag fás ag bun gach balla acu. Bhí eidhneán ag fás ar an mbarr. Thíos ag bun an chosáin bhí teach beag dearg. Bhí fear beag ag rith timpeall air, timpeall agus timpeall.

“Céard é sin?” arsa Mam. “Níl a fhios agam,” arsa Daid. “Téimis síos go bhfeicimid,” arsa Colm.


Bhí fear beag ramhar ann. Cheap Colm go raibh sé an-chosúil le Mac Uí Ghogáí.


Bhí an fear beag ramhar seo ag rith timpeall agus timpeall.
Stop sé os comhair an dorais.
Shín sé a dhá lámh amach go cráite agus dúirt:
“Ochón! Ochón!”

“Stop!” arsa Colm.
“Cén fáth a bhfuil tú ag rith timpeall agus timpeall agus ag rá ochón?”

“Tá mo theach beag lán d’éiníní dubha agus d’éiníní bána!” arsa an fear beag ramhar.

“Agus bíonn siad ag eitilt timpeall go hamaideach ag déanamh gleo. Labhair mé leo, ach cén mhaith é. Ní stopann siad. Fágfaidh mé iad!”





D'fhéach Colm isteach.
 "Ní fheicim iad ná ní
 chloisim iad," ar seisean.
 Chaith an fear beag ramhar léim i
 dtreo an dorais agus d'oscail sé é—
 de phlimp!
 "Níl siad ann!" a scread sé, agus
 rinne sé damhsa beag feargach.
 Ach chuala Colm ceol éiníní ón
 gerann a bhí os cionn an tí. Chonaic
 sé na héiníní dubha agus na héiníní
 bána ina suí ar an gerann, agus
 chuala sé iad ag canadh go ciúin le
 chéile:



Éiníní

Éiníní dubha,
 Éiníní bána,
 Cá bhfuil na héiníní
 Dubha is bána?
 Imithe!

Dubha is bána
 D'imigh abhaile,
 Anois ina neadacha
 Tá siad faoi shuan
 Na hoíche.

Codail, a chara,
 Codladh na hoíche,
 Tiofaidh an mhaidin
 Is imeoidh an oíche.
 Go beo! beo!

Gléas E^b (nó F)
 Go measartha mear

Éi - ní - ní dubh - a, Éi - ní - ní bán - a, Cá bhfuil na
 héi - ní - ní dubh - a is bán - a? I - mi - the!
 shuan na hoí - che, oi - che, Go beo! beo!



Oisín agus Bó

Bhí geata beag i lár an bhalla.
“Ba mhaith liom dul síos ansin,” arsa Colm.
“Fan go fóill,” arsa Daid.
Shuigh siad ar an bhfear faoi chrann.
“Cuirfimid ceist ar an bhfear seo atá ag teacht,” arsa Daid.
Tháinig an fear.
“Céard tá thíos ansin?” arsa Daid leis.
“Tá gairdín deas ann agus tá balla ard timpeall air,” arsa an fear.
“Bíonn milseáin agus deoch liomóide agus rudaí deasa eile ar fáil istigh ann.”



“Siúlaimis síos go bhfeicfimid é,” arsa Colm.
Agus shiúil siad síos go dtí an geata.
D’fhéach Colm agus an fear isteach tríd an ngeata.
Bhí an gairdín lán de rudaí deasa.
“Féach,” arsa an fear.
“Tá bó bheag ann.
Tá cóta bán uirthi agus spotaí dearga.
Tá oisín beag ann freisin.
Agus féach! Tá an feirmeoir ag teacht.”
Tháinig an feirmeoir agus chan sé amhrán:



Oisín agus Bó

Oisín agus Bó
Ina suí le chéile,
Nach breá dóibh é
Ina suí le chéile;
Oisín agus Bó.


Oisín agus Bó
Faoi theas na gréine,
Nach breá dóibh é
Faoi theas na gréine;
Oisín agus Bó.

Oisín agus Bó
Agus ceol á chanadh,
Nach breá dóibh é
Agus ceol á chanadh;
Oisín agus Bó.


Nach breá dóibh é
Ina suí le chéile,
Ceol á chanadh,
Faoi theas na gréine;
Oisín agus Bó.

Gléas G (nó A^b)

Go beomhar rithimíúil



(1) Ois - ín a - gus Bó i - na suí le chéi - le, Nach breá dóibh



é i - na suí le chéi - le; 'Oi - sín a - gus Bó.



An Trá

Bhí a lán, lán crann ag fás ar an dá thaobh den bhóthar.
Bhí Daid agus Mam agus Colm agus Cliona in aice na
farrage anois.
Chas siad ar chlé.
Bhí cnoacán ag bun an bhóthair.
“An bhfeiceann tú an cnoacán sin,” arsa Daid.
“Feicim é,” arsa Colm.
“Bhuel,” arsa Daid, “tá trá álainn agus an fharrage
mhór ar an taobh eile de.”



Rith siad go léir suas an cnocán i dtreo na farraige.
Sheas siad le chéile ansin agus d'fhéach siad síos ar an trá.



Bhí oileán beag álainn le feiceáil amuigh ar an bhfarraige.
Rug Colm greim ar a bhuicéad agus ar a spáid agus rith sé síos go dtí áit dheas agus rinne sé caisleán.

Tháinig Daid agus Colm síos go dtí an farraige.
Shuigh siad ar charraig. Bhí faoileán ann.



“Cad tá cearr leis an bhfaoileán,” arsa Colm.
“Tá sé leis féin,” arsa an Fharraige.
“Tá sé uaigneach,” arsa an Ghaoth.
Agus chan Colm amhrán beag deas don fhaoileán:

An Faoileán

Faoileán, faoileán ar an trá,
Tá tú uaigneach, cén fáth?
D'imigh, d'imigh, d'imigh
Grá mo chroí,
D'fhág sí mé liom féin
Is d'imigh sí.


Faoileán, faoileán ar an trá,
Ná bí uaigneach mar atá,
Fillfidh, fillfidh, fillfidh
Grá do chroí,
Tuigeann sí go binn
Gur geal leat í.

Faoileán, faoileán ar an trá,
Seo í do chara, seo í do ghrá,
D'imigh sí thar muir
I bhfad i gcéin;
Tháinig sí ar ais
Chuir a grá geal féin.




Gléas G (nó A^b)

Le luas meánach



Faoi - leán, faoi - leán ar an trá, Tá tú uaig - neach, cé - n fáth ?



D'im-igh, d'im-igh, d'im-igh grá mo chroí, D'fhág sí mé liom féin is d'im-igh sí.

(faoi thri)



“Féach, a Dhaid!” arsa Colm. Shín sé amach a mhéar.
“Tá faoileán eile ag teacht anois.
Tá sí ag eitilt anuas ón spéir. Ó! tá sí go hálainn.
Féach, tá sí ag féachaint síos. Feiceann sí é.
Tá siad ag caint le chéile anois.”
Chonaic siad an faoileán agus a chara ag eitilt le chéile go hard sa spéir.
Shiúil Colm agus Daid ar aghaidh ar imeall na farraige.



Shiúil siad suas an cosán ar imeall na farraige agus tháinig siad go dtí an cuan.
Bhí báid iascaireachta ann.
Bhí siad ceangailte den chaladh le téada móra fada.
Bhí iascairí ann agus bhí siad ag glanadh na mbád.
Bhí cuid acu ag díol éisc.
Bhí an t-iasc i mboscaí acu.
Bhí iascaire amháin ina shuí ina bhád agus bhí sé á deisiú.
Chuala Colm é ag canadh amhráin dó féin mar seo:

An tIascaire

Bhí mé amuigh
Ar an bhfarraige mhór,
Óiche aréir.

Chonaic mé Dún Criofainn
Agus Cnoc Dhaibhiolla,
Dhá theach solais,
Ag cabhrú linn.


Bhí mé fuar
Ar an bhfarraige mhór,
Óiche aréir.

D'airigh mé suaill,
Agus luasc an seol,
Chroith an bád,
Agus scaip an ceo.

D'ardaigh an ghaoth
Ar an bhfarraige mhór,
Óiche aréir.

Tháinig mé slán
Ón bhfarraige mhór;
Is i gcuan Bhinn Éadair,
Tá an bád i gcóir.





Tháinig mé i dtír
Ón bhfarraige mhór,
Oíche aréir.

Tá mo bháidín slán
Agus seolfad arís
Ar thóir an éisc,
Ó chuan Bhinn Éadair.

D'airigh mé Dia
Ar an bhfarraige mhór,
Oíche aréir.

D'fhág siad slán ag an Iascaire agus ag na báid go léir a bhí sa chuan.
Chuaigh siad trasna an bhóthair go dtí stad na mbus.
Níor tháinig an bus láithreach ach bhí siad go sona sásta ansin. Bhí siad ag féachaint amach ar an bhfarraige.

Bhí an t-oileán beag le feiceáil go soiléir.

“Cén t-oileán é sin?” arsa Colm.

“Sin é Oileán Mac Neasáin,” arsa Daid.

“Féach ar na dathanna áille atá air.

Tá túr Martello ar an taobh thiar agus, má fhéachann tú go géar, feicfidh tú fothrach beag ar imeall na farraige.”

Agus dúirt sé dán beag dóibh:






Oileán Mac Neasáin

Oileán clochach,
Rua, glas;
Liath ar na
hArda.

Séipéal beag
In aice trá,
Túr mór
Ar garda.

Fadó, fadó,
Bhí manach ann,
Mac Neasáin
A ainm.



Níl anois
Ach clocha ann,
Raithneach agus
Feamainn.

Gléas F nó G, A^b
Go measartha mear

Oil - eán cloch - ach, ru - a, glas ; Li - ath ar na
hard - a. Séip - éal beag in ai - ce trá,
Túr mór ar gar - da. Fa - dó, fa - dó, bhí
man - ach ann, Mac Neas - áin a ain - (i) m. Níl a -
nois ach cloch - a ann, Raith - neach a - gus feam - ainm.

Chonaic Colm an bus ag teacht.
Shín sé a lámh amach.
Stop an bus.

Bhí an Tiománaí ina áit féin sa bhus. Bhí a lámha ar an
roth tiomána.

Chuir Daid agus Colm an pram beag isteach faoin
staighre sa bhus.

Chuaigh siad go léir isteach.

Shuigh Colm síos in aice fuinneoige.



Tháinig an Stiúrthóir. Cheannaigh Daid ticéid uaidh.
Thaitin an turas go mór le Clíona agus Colm.
Chonaic siad tithe agus crainn ar thaobh an bhóthair.
Nuair a stop an bus, chuaigh cuid de na daoine amach
agus tháinig daoine eile isteach.
Chonaic siad busanna eile agus carranna ar an
mbóthar, agus daoine ag siúl ar na cosáin.
Ní fada gur shroich an bus a stad féin.



Ar Ais sa Bhaile

Bhí an ghrian an-íseal sa spéir.
Bhí áthas orthu go léir
nuair a shroich siad an baile.
D'ól siad cócó.
Chuaigh Colm agus Clíona a luí.
Ansin chan Mam agus Daid amhrán
beag dóibh:



Oíche Mhaith

Codladh, codladh, oíche mhaith, Rudáí beaga ins an bpáirc,
 Bainim díom na héadaí, Tá siad ina gcodladh,
 Bróga, bríste, léine dheas, Tá an ghrian ina luí,
 Ceann i ndiaidh a chéile. Thíos ag bun na spéire.

Oíche mhaith, a Dhomhain mhóir, Oíche mhaith, a Dhomhain mhóir,
 Dún na súile, Dún na súile,
 Feicim réiltín ar an spéir, Feicim réiltín ar an spéir,
 Oíche mhaith. Oíche mhaith.

Gléas E[♭] (nó F)
 Le rithim luascach



 Cod-ladh, cod-ladh, oí-che mhaith, Bain-im díom na héa-dáí, Bró-ga, bris-te,



 léi-ne dheas, Ceann i ndiaidh a chéi-le. Oí-che mhaith, a Dhornh-ainmhóir,



 dún na súi-le, Feic-im réil-tín ar an spéir, oí-che mhaith (faoi dhó).



